RÚN (AE) 2023/1848 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 10 Bealtaine 2023

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta um Thacaíocht do BEREC (Oifig BEREC) don bhliain airgeadais 2021

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Tacaíochta BEREC (Oifig BEREC) don bhliain airgeadais 2021,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0129/2023),

A. de bhrí, de réir a ráitis ar ioncam agus ar chaiteachas ([1]), gurbh é EUR 7 341 357 buiséad críochnaitheach Ghníomhaireacht Tacaíochta BEREC (an 'Ghníomhaíocht') a glacadh don bhliain airgeadais 2021, arb ionann é agus méadú 1,49 % i gcomparáid le 2020, arb ionann é go príomha agus méadú ar an gcaiteachas foirne; de bhrí go n-eascraíonn buiséad na Gníomhaireachta go príomha ó bhuiséad an Aontais agus ó ranníocaíochtaí tríú tír; de bhrí gur chuir ranníocaíochtaí tríú tír a tugadh anonn ó bhlianta roimhe sin agus creidmheasanna oibríochtaí riaracháin ioncaim bhreise ar fáil do bhuiséad 2021 a glacadh;

B. de bhrí go ndearbhaíonn an Chúirt Iniúchóirí ('an Chúirt'), ina tuarascáil maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2021 ('an tuarascáil ón gCúirt'), go bhfuair an Chúirt dearbhuithe réasúnacha go bhfuil cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta iontaofa agus go bhfuil na hidirbhearta is bun leo dlíthiúil agus rialta;

Bainistiú buiséid agus airgeadais

1. á thabhairt dá haire, agus is mór aici é, go raibh ráta cur chun feidhme buiséid 99,97 % mar thoradh ar iarrachtaí chun faireachán a dhéanamh ar an mbuiséad le linn na bliana airgeadais 2021 do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas an bhuiséid chríochnaithigh arna ghlacadh don bhliain, arb ionann é agus méadú 0,89 % i gcomparáid le 2020; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil ráta cur chun feidhme an bhuiséid ar an gceann is airde le cúig bliana anuas, agus go bhfuil sé laistigh den tairseach os cionn 95 % a bhunaigh an bord bainistíochta; á thabhairt dá haire gurbh é 69,33 % ráta forghníomhaithe na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí na bliana reatha, arb ionann é agus méadú 8,19 % i gcomparáid leis an mbliain 2020 ach faoi bhun na rátaí in 2017 agus in 2019 mar gheall ar thabhairt anonn a bhaineann le seoladh líon ard tionscadal sonrach a raibh sé beartaithe a thabhairt chun críche in 2022;

2. á thabhairt dá haire gur chinn an Chúirt, don bhliain airgeadais 2019, go raibh nós imeachta soláthair le haghaidh seirbhísí dlí neamhrialta agus, mar thoradh air sin, go bhfuil na híocaíochtaí a rinneadh ina dhiaidh sin bunaithe ar an gcreatchonradh sin neamhrialta, agus in 2021, gurbh ionann na híocaíochtaí gaolmhara agus EUR 4 444;

Feidhmíocht

3. á thabhairt dá haire go n-úsáideann an Ghníomhaireacht eochairtháscairí feidhmíochta (KPInna) chun measúnú a dhéanamh ar thorthaí a baineadh amach i ndáil lena cuspóirí, lena n-áirítear maidir le bainistiú buiséid, cothromaíocht inscne agus cosaint sonraí pearsanta; á chur in iúl gur geal léi go socraíonn ceann de na KPInna sin teorainn ama 15 lá oibre maidir le rochtain ar dhoiciméid a phróiseáiltear; á thabhairt dá haire go bhfuil KPInna maidir le córas teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) i bhfeidhm agus á chur in iúl gur oth léi gur ghá síniú conartha comhairliúcháin i ndáil le teicneolaíocht faisnéise (TF) chun tacú le forbairt 'straitéis TFC BEREC 2022-2025' a chur siar go 2022 mar gheall ar chonradh le haghaidh na seirbhísí sin gan bheith ar fáil; á chur in iúl gur mór aici gur comhlíonadh na KPInna agus gur tharraing an Ghníomhaireacht aird ar bhearta lenar féidir éifeachtúlacht agus éifeachtacht obair na Gníomhaireachta a fheabhsú; ag moladh, áfach, go dtabharfadh an Ghníomhaireacht aird ar na KPInna nár baineadh amach go fóill nó iad siúd atá ag titim ar gcúl;

([1]) IO C 141, 29.3.2022, lch. 146.

4. á thabhairt dá haire gur chuir an Ghníomhaireacht dhá staidéar ar fáil do BEREC in 2021, eadhon, an 'Staidéar ar iompraíocht tomhaltóirí i dtreo ardáin dhigiteacha mar mhodh cumarsáide' agus an 'Staidéar ar bhearta iar-COVID chun an bhearna dhigiteach a dhúnadh', agus cuid de cheann maidir le lorg comhshaoil BEREC agus na Gníomhaireachta a laghdú lena thuarascáil chríochnaitheach dlite in 2022, ar síníodh trí chonradh shonracha ina leith in 2021;

Beartas foirne

5. á thabhairt dá haire go raibh an plean bunaíochta a cuireadh ar bhonn 93,75 % chun feidhme an 31 Nollaig 2021, agus 15 ghníomhaire shealadacha ceaptha as 16 ghníomhaire shealadacha a údaraíodh faoi bhuiséad an Aontais (i gcomparáid le 16 phost a údaraíodh in 2020); á thabhairt dá haire, ina theannta sin, go raibh 21 ghníomhaire ar conradh, 9 saineolaí náisiúnta ar iasacht agus 8 mball foirne agus sainchomhairleoir eatramhach ag obair don Ghníomhaireacht in 2021;

6. á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gurb ann don easpa cothromaíochta inscne laistigh de cheannaireacht na Gníomhaireachta; a thabhairt dá haire go dtugtar le fios leis an dáileadh inscne i measc chomhaltaí sinsearacha agus meánbhainistíochta na Gníomhaireachta, ar fir iad triúr as ceathrar (75 %) díobh; á thabhairt dá haire freisin go dtugtar le fios leis an dáileadh inscne i measc chomhaltaí bhord bainistíochta na Gníomhaireachta, gur fir iad 21 as 28 (75 %) díobh; ag tabhairt dá haire, áfach, gur baineadh cothromaíocht inscne amach ar an iomlán ag deireadh 2021 laistigh den fhoireann, ar mná iad 52 % agus ar fir iad 48 %; á iarraidh ar an nGníomhaireacht bearta nithiúla maidir le cothromaíocht inscne fheabhsaithe a dhéanamh ar gach leibhéal den ordlathas a luaithe is féidir agus tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh ina leith;

7. á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur chinn an Ghníomhaireacht oibrí eatramhach a fhostú ar feadh 3,5 mhí chun an fheidhm sin a chomhlíonadh, ós rud é nár suíodh go raibh acmhainneacht an chomhordaitheora rialaithe inmheánaigh á roinnt ag aon Institiúid ná comhlacht de chuid an Aontais; á thabhairt dá haire, thairis sin, gur tugadh fógra don Ghníomhaireacht maidir leis an rún atá ag an gCoimisiún deireadh a chur le soláthar seirbhísí cuntasaíochta a thairgeann don Ghníomhaireacht smaoineamh ar oifigeach cuntasaíochta a chomhroinnt le gníomhaireacht eile, agus go measann an Ghníomhaireacht nach bhfuil sé indéanta cuntasaíocht a inmheánú sa ghearrthéarma; á iarraidh ar an nGníomhaireacht aon fhorbairtí ina leith sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh; á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur cláraíodh riosca gaolmhar maidir le héifeachtúlacht laghdaithe, cáilíocht na dtorthaí agus cailliúint feasa gnó i gclár rioscaí na Gníomhaíochta in 2022; á thabhairt dá haire go bhfuil an Ghníomhaireacht ag obair ar bhearta maolaithe; á iarraidh ar an nGníomhaireacht aon fhorbairtí ina leith sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

8. á thabhairt dá haire, de réir na hoibre leantaí ar bharúlacha maidir le hurscaoileadh na bliana roimhe sin, go bhfuil bearta curtha chun feidhme ag an nGníomhaireacht, amhail comhaontú nua ceanncheathrún leis an mBallstát óstach chun tairbhí a leathnú d'fhoireann na Gníomhaireachta, chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí a bhaineann le gairmithe a mhealladh agus a choinneáil; á thabhairt dá haire, thairis sin, gur atheagraigh an Ghníomhaireacht úsáid as an líon teoranta post faoin bplean bunaíochta chun a áirithiú go n-áiritheofar na híosacmhainneachtaí éigeantacha;

9. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé beartas fadtéarmach maidir le hacmhainní daonna (AD) a fhorbairt maidir le cothromaíocht oibre is saoil, treoir ar feadh an tsaoil agus deiseanna oiliúna sonracha a thairiscint d'fhorbairt gairme, cothromaíocht inscne ar gach leibhéal foirne, teilea-obair, an ceart chun dícheangail, cothromaíocht gheografach a fheabhsú chun ionadaíocht iomchuí a bheith acu ó na Ballstáit uile, agus earcú agus lánpháirtiú daoine faoi mhíchumas chomh maith lena áirithiú go gcaitear go cothrom leo agus go gcuirtear a ndeiseanna chun cinn go forleathan;

10. á mheabhrú go mbaineann easnaimh nós imeachta i nósanna imeachta earcaíochta an bonn de phrionsabail na trédhearcachta agus na córa comhionainne; á iarraidh ar an nGníomhaireacht feabhas a chur ar a nós imeachta earcaíochta inmheánach chun próisis mheastóireachta agus fógraí folúntais a shoiléiriú.

Soláthar

11. á chur i bhfios go mbaineann an Ghníomhaireacht úsáid as samhail láraithe soláthair ó 2019 i leith agus ó mhí Feabhra 2022 i leith, go bhfuil uirlis bainistíochta um sholáthar poiblí an Choimisiúin á húsáid aici freisin chun a próisis soláthair phoiblí a chuíchóiriú tuilleadh;

12. á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur tugadh le fios de réir thuarascáil na Cúirte gur iarr an Ghníomhaireacht, in aon nós imeachta soláthair amháin do sheirbhísí TF, tairiscint ar chonraitheoir gan a shonrú roimh ré cé na seirbhísí a bhí ag teastáil, rud a chuir bac ar éifeachtacht, éifeachtúlacht agus barainneacht na n-oibríochtaí, agus, ina theannta sin, nach ndearna sí seiceálacha *ex-ante* ar phraghsanna ar na conarthaí sonracha faoin gcreatchonradh foluiteach; á thabhairt dá haire gur thug an Ghníomhaireacht le fios ina freagra go gcuirfidh sí feabhas ar dhoiciméadú na gcéimeanna uile den phróiseas as a dtiocfaidh formheas an ráitis oibre agus go n-athróidh sí a nós imeachta inmheánach chun doiciméadú cuí ar sheiceálacha ar na praghsanna uile do chonarthaí sonracha amach anseo a chur san áireamh; á iarraidh ar an nGníomhaireacht aon fhorbairtí ina leith sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

13. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé do gach nós imeachta soláthair, iomaíocht chóir idir tairgeoirí a áirithiú agus earraí agus seirbhísí a sholáthar ar an bpraghas is fearr, agus prionsabail na trédhearcachta, na comhréireachta, na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe á n-urramú; á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go dtugtar le fios le breathnóireacht na Cúirte go bhfuil méadú ag teacht ar na laigí sa soláthar poiblí agus tá sí fós ar an bhfoinse is mó d'íocaíochtaí neamhrialta d'fhormhór na ngníomhaireachtaí.

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú agus trédhearcacht

14. á thabhairt dá haire go bhfoilsíonn an Ghníomhaireacht ar a suíomh gréasáin beagnach gach CV agus dearbhuithe maidir le leas coinbhleachtaí dá bord bainistíochta; á iarraidh ar an nGníomhaireacht feabhas a chur ar a hiarrachtaí chun trédhearcacht a bhaint amach ina leith sin;

15. á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur chinn an Chúirt nár shuigh an coiste roghnúcháin i nós imeachta earcaíochta conas a dhámhfaí pointí do gach critéar roghnúcháin sula ndearnadh scrúdú ar na hiarratais agus gur dhearbhaigh cathaoirleach an choiste roghnúcháin go raibh coinbhleacht leasa ghairmiúil ann maidir le beirt iarrthóirí a bhí ag obair faoina mhaoirseacht, agus fós féin nach ndearnadh cur síos sa tuarascáil mheastóireachta deiridh ar an gcaoi ar tugadh aghaidh ar an gcoinbhleacht leasa sin; á thabhairt freagra na Gníomhaíochta dá haire go bhfuil teimpléid inmheánacha nua á n-ullmhú aici le haghaidh nósanna imeachta roghnúcháin agus gur ghlac sí rialacha inmheánacha maidir le doiciméadú a dhéanamh ar chomhlíonadh chinneadh an údaráis atá údaraithe chun na conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích; á iarraidh ar an nGníomhaireacht trédhearcacht a fheabhsú agus a áirithiú agus doiciméadú cuí a dhéanamh le linn nósanna imeachta roghnúcháin, agus aon fhorbairtí ina leith sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

16. ag tabhairt dá haire gur ghlac an bord bainistíochta an beartas athbhreithnithe chun coinbhleachtaí leasa a bhainistiú agus a chosc in 2019 chun go n-áireofaí ann meastóireacht ar choinbhleachtaí leasa agus ar bhearta maolaithe arna bhforchur i gcás coinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann nó coinbhleacht leasa a dhearbhaítear a bheith ann do chomhaltaí an bhoird bainistíochta; á áitiú gur gá rialacha níos córasaí a chur i bhfeidhm maidir le trédhearcacht, neamh-chomhoiriúnachtaí, coinbhleacht leasa, brústocaireacht neamhdhleathach agus doirse imrothlacha, agus, más gá, a bheartas coinbhleachta leasa a nuashonrú; á iarraidh ar an nGníomhaireacht a sásraí rialaithe inmheánaigh a neartú, lena n-áirítear sásra inmheánach frithéillithe a chur ar bun;

Rialú inmheánach

17. á thabhairt dá haire, tar éis mheasúnú riosca iomlán na seirbhíse um iniúchóireacht inmheánach (IAS) an Choimisiúin sa Ghníomhaireacht chun a phlean straitéiseach iniúchóireachta inmheánaí a bhunú don tréimhse 2021-2023 in 2020, nár shainaithin IAS rioscaí criticiúla, agus gur dhún IAS, ag tús 2021, na moltaí uile ar osclaíodh iad ó iniúchtaí roimhe sin; á aithint go ndearna comhordaitheoir rialaithe inmheánaigh eatramhaigh, ó mhí Dheireadh Fómhair go mí na Nollag 2021, measúnú ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh sa Ghníomhaireacht, agus leis sin léirítear go bhfuil na costais a bhaineann leis na rialuithe sa Ghníomhaireacht i gcomhréir leis na tairbhí; á thabhairt dá haire gur thángthas ar an gconclúid sa mheasúnú ar chomhlíonadh cheanglais an chreata rialaithe inmheánaigh go bhfuil an Ghníomhaireacht i gcomhréir, ar an iomlán, a mhéid is féidir gan foireann arna fostú go sonrach le haghaidh rialuithe inmheánacha; á iarraidh ar an nGníomhaireacht aon fhorbairtí a thuairisciú maidir leis an bhfeidhm rialaithe inmheánaigh don údarás um urscaoileadh;

18. á thabhairt dá haire, de réir thuarascáil leantach na Gníomhaireachta ar na barúlacha ar urscaoileadh 2020 an údaráis um urscaoileadh, go ndéanann an Coimisiún soláthar seirbhísí cuntasaíochta don Ghníomhaireacht a fhoirceannadh in 2023 agus nach bhfuil an Ghníomhaireacht, leis na 16 phost atá aici faoi láthair don phlean bunaíochta, in ann cúraimí éigeantacha an oifigigh chuntasaíochta a inmheánú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an nGníomhaireacht na hacmhainní is gá a leithdháileadh chun leanúnachas sa phríomhréimse sin a áirithiú agus tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh ina leith;

19. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé córais bhainistíochta agus rialaithe a neartú chun feidhmiú cuí na Gníomhaireachta a áirithiú; á áitiú go láidir go mbeadh ceanglas ann go mbeadh córais éifeachtacha bhainistíochta agus rialúcháin ann chun go seachnófar cásanna féideartha coinbhleachta leasa, rialuithe *ex-ante* nó *ex-post* atá in easnamh, bainistiú neamhleor ar ghealltanais bhuiséadacha agus dhlíthiúla, agus mainneachtainí saincheisteanna a thuairisciú i gclár na n-eisceachtaí.

An digitiú agus an t-aistriú glas

20. á thabhairt dá haire gur bhunaigh an Ghníomhaireacht grúpa líonraithe saineolaithe maidir leis an inbhuanaitheacht in 2020; á thabhairt dá haire gur ann do rannpháirtíocht na Gníomhaireachta i nós imeachta soláthair idirinstitiúideach maidir le 'Comhairliúchán agus bainistiú frithláireamh astaíochtaí gás ceaptha teasa' de chuid Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO), a tugadh i gcrích i mí an Mheithimh 2022; á chur in iúl gur geal léi go n-áirítear sa phlean gníomhaíochta um ghlasú ilbhliantúil don Ghníomhaireacht gealltanas i ndáil leis an gconair eitilte maidir le laghdú CO_2; á thabhairt dá haire, thairis sin, gur moladh rialacha nua chun taisteal agus astaíochtaí gaolmhara a laghdú;

21. á thabhairt dá haire gur thosaigh an Ghníomhaireacht ar thionscadal ceardlann in 2021 chun treochlár straitéiseach a shainiú do thionscadail an ionaid Oibre dhigitigh a bheidh ann amach anseo maidir le teicneolaíochtaí agus modh oibre, agus measúnú tionchair ar chosaint sonraí agus plean slándála TF do sheirbhísí Microsoft Office agus do straitéisí ascnaimh néalríomhaireachta a d'fhéadfadh a bheith ann; á iarraidh ar an nGníomhaireacht an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas maidir le cur chun feidhme na dtionscadal sin; á thabhairt dá haire, thairis sin, gur leithdháil an Ghníomhaireacht roinnt costas oibríochtúil a bhaineann le costais chothabhála don bhunachar sonraí um údarú ginearálta agus don bhunachar sonraí maidir leis na hacmhainní uimhrithe a bhfuil ceart úsáide seach-chríochaí acu laistigh den Aontas, i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]);

22. á thabhairt dá haire, de réir na hoibre leantaí ar bharúlacha maidir le hurscaoileadh na bliana 2022, nár chuir an Ghníomhaireacht tús fós le beartas cibearshlándála a fhorbairt i ndáil leis an Rialachán a bheidh ann amach anseo maidir le slándáil faisnéise in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]); á chur in iúl gur geal léi, áfach, comhoibriú na Gníomhaireachta le CERT-EU (an Fhoireann Phráinnfhreagartha Ríomhaire d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais), agus le soláthraí réitigh slándála TF tríú páirtí; á iarraidh ar an nGníomhaireacht dlús a chur le forbairt an bheartais cibearshlándála; á thabhairt dá haire, thairis sin, gur chuir grúpa líonraithe saineolaithe TFC tuarascáil i dtoll a chéile maidir le 'Bagairtí cibearshlándála le béim ar ionsaithe fioscaireachta' agus é mar aidhm léi measúnú a dhéanamh ar na cleachtais chibearshlándála a glacadh i measc na n-údarás rialála náisiúnta;

23. ag moladh don Ghníomhaireacht oibriú i ndlúthchomhar le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil); ag moladh go ndéanfar cláir oiliúna a bhaineann leis an gcibearshlándáil a thabharfar cothrom le dáta go rialta a chur ar fáil do gach ball foirne laistigh den Ghníomhaireacht; á iarraidh ar an nGníomhaireacht a beartas cibearshlándála a fhorbairt níos tapa, é a thabhairt roimh an 31 Nollaig 2023 agus tuairisciú don údarás um urscaoileadh ina leith;

24. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé digiteáil na Gníomhaireachta a mhéadú ó thaobh oibriú agus bainistiú inmheánach de ach freisin chun dlús a chur le digiteáil nósanna imeachta; á chur i bhfáth gur gá don Ghníomhaireacht leanúint de bheith réamhghníomhach ina leith seo chun bearna dhigiteach a sheachaint maidir leis na gníomhaireachtaí eile; ag tarraingt aird, áfach, ar an ngá atá leis na bearta slándála uile is gá a dhéanamh chun go seachnófar aon riosca do shlándáil ar líne na faisnéise a phróiseáiltear;

Leanúnachas gnó le linn ghéarchéim COVID-19

25. á aithint go bhfuil iarrachtaí déanta ag an nGníomhaireacht chun tacú le meithleacha BEREC, lena n-áirítear cruinnithe agus ceardlanna a eagrú; á thabhairt dá haire gur ar bhonn fíorúil a bhí beagnach gach cruinniú de chuid mheitheal BEREC in 2021; ag spreagadh na Gníomhaireachta chun na ceachtanna a foghlaimíodh maidir le

([2]) Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36).

([3]) Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil) (IO L 151, 7.6.2019, lch. 15).

cianmhodhanna oibre agus modhanna oibre hibrideacha a chur i bhfeidhm, chun cruinnithe agus imeachtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla a eagrú ar bhealach níos fearr go cianda ná iad a dhéanamh go pearsanta amach anseo; á mheabhrú gur tionóladh 490 cruinniú den mheitheal fhíorúil in 2021 san iomlán agus gur chuidigh na cruinnithe sin le níos mó ná 10 000 rannpháirtí a bhailiú;

26. á thabhairt dá haire gurb ann don staidéar ar bhearta iar-COVID chun an bhearna dhigiteach a dhúnadh, ar cuireadh a gconclúidí san áireamh sa 'Tuarascáil BEREC maidir le géarchéim COVID-19 – na ceachtanna a foghlaimíodh maidir le líonraí cumarsáide le haghaidh sochaí athléimneach';

27. á thabhairt dá haire, go háirithe, gurb ann don chomhaontú seirbhíse le seirbhísí an Choimisiúin maidir le húsáid uirlis TF 'Tairseach AGM' an Choimisiúin; á thabhairt dá haire, thairis sin, gur oibrigh grúpa líonraithe saineolaithe TFC chun tuarascáil a thabhairt chun críche maidir le físchomhdháil agus réitigh do chruinnithe digiteacha agus ceann eile maidir le réitigh oifige cliste;

Barúlacha eile

28. ag aithint iarrachtaí na Gníomhaireachta chun feasacht a mhúscailt maidir lena misean féin agus misean BEREC i measc na saoránach sa Bhallstát óstach, agus, go háirithe, rannpháirtíocht na Gníomhaireachta i dtionscnaimh ionadaíochta an Aontais; á thabhairt dá haire, thairis sin, gur ann do na ceardlanna ar an nGníomhaireacht agus ar amharc-aitheantas nua BEREC agus ar dhearadh agus ar ábhar shuíomh gréasáin BEREC; á thabhairt dá haire gur cuireadh na gníomhaíochtaí dá bhforáiltear don Ghníomhaireacht i bplean cumarsáide bliantúil BEREC chun feidhme, lena n-áirítear eagrú imeachtaí poiblí BEREC agus fóraim gheallsealbhóirí sa Laitvia; á iarraidh ar an nGníomhaireacht leanúint de bheith ag obair ar infheictheacht na Gníomhaireachta a mhéadú, go háirithe sa Bhallstát óstach;

29. á chur in iúl gur geal léi na sineirgí seanbhunaithe atá ag an nGníomhaireacht le EUIPO le haghaidh córas nua bainistithe inneachair ar shuíomh gréasáin corparáideach, le haghaidh oibríochtaí TFC ar shuíomh gréasáin corparáideach, agus le haghaidh ascnamh féideartha chórais TFC breise na Gníomhaireachta chuig lárionaid sonraí EUIPO;

30. á iarraidh ar an nGníomhaireacht leanúint de shineirgí a fhorbairt, mar shampla maidir le hacmhainní daonna, bainistiú foirgneamh, seirbhísí TF agus slándáil, agus a comhar, a malartuithe dea-chleachtais agus a pléití maidir le réimsí comhleasa le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais a threisiú, d'fhonn éifeachtúlacht a fheabhsú;

31. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh ar urscaoileadh, do rún uaithi an 10 Bealtaine 2023 ([4]) maidir le feidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([4]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0190.